II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1140 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Bealtaine 2021

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i ndáil le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 67 agus Airteagal 272(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ([2]) leagtar síos rialacha lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 a mhéid a bhaineann le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú, go háirithe galair i gcatagóirí A, B agus C i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, déantar foráil le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le srianta agus coinníollacha i ndáil le gluaiseachtaí ainmhithe agus táirgí ainmhithe laistigh de na criosanna srianta agus ó na criosanna sin mar chuid de na bearta chun rialú a dhéanamh ar leathadh galar i gcatagóir A.

(2) Leis na rialacha i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, déantar forlíonadh ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/429. Cuimsíonn siad gnéithe teicniúla éagsúla de na bearta a bheidh le glacadh má bhíonn amhras faoi ghalair dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/429 nó má dhearbhaítear na galair sin. Ós rud é go bhfuil baint ag na rialacha sin le chéile, leagtar síos iad i dteannta a chéile i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687. Ar mhaithe le soiléireacht agus chun iad a chur a bhfeidhm go héifeachtach, is iomchuí na rialacha lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a leagan síos freisin i ngníomh tarmligthe ar leith lena bhforáiltear tacar cuimsitheach bearta teicniúla chun na galair liostaithe ábhartha a rialú.

(3) Déantar foráil in Airteagal 21(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 go bhféadfadh an t-údarás inniúil cinneadh a dhéanamh maidir le crios srianta a bhunú i gcúinsí áirithe nó gan é a bhunú. D'fhéadfadh an fhoclaíocht atá san Airteagal sin faoi láthair a bheith míthreorach, toisc go bhféadfadh léirmhínithe éagsúla a bhaint aisti. Dá bhrí sin, ba cheart an tAirteagal sin a leasú chun foráil shoiléir a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i ndail le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú, (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64.)

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialacha rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo ó thaobh leathadh na ngalar liostaithe sin de (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

(4) Ba cheart na bearta rialaithe galar dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a bheith comhréireach leis na rioscaí lena mbaineann. Ar an gcúis sin, níor cheart a chumhdach faoi shrianta agus faoi bhearta ach na speicis ainmhithe sin agus a dtáirgí a bhfuil riosca ag baint leo ó thaobh leathadh galar liostaithe sonrach gcatagóir A, agus speicis ainmhithe liostaithe le haghaidh an ghalair ábhartha i gcatagóir A á gcur san áireamh.

(5) Déantar foráil in Airteagal 22(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir leis an oibleagáid deimhniú sláinte ainmhithe a eisiúint le haghaidh gluaiseachtaí coinsíneachtaí seachtháirgí ainmhithe ar de thionscnamh an chreasa shrianta iad agus a aistrítear lasmuigh den chrios srianta sin gan speicis na n-ainmhithe a chumhdaítear leis an bhforáil sin a shonrú. Dá bhrí sin, ba cheart an mhír sin a leasú chun an oibleagáid sin a theorannú do choinsíneachtaí ainmhithe agus seachtháirgí ainmhithe a fhaightear ó ainmhithe de speicis atá liostaithe faoin ngalar ábhartha i gcatagóir A.

(6) Le hAirteagal 272(2) de Rialachán (AE) 2016/429, leagtar síos bearta idirthréimhseacha a bhaineann le Treoracha atá ann cheana a aisghairm, go háirithe Treoracha 92/66/CEE ([4]), 2000/75/CE ([5]), 2001/89/CE ([6]), 2002/60/CE ([7]), 2003/85/CE ([8]) agus 2005/94/CE ón gComhairle ([9]). Go háirithe, déantar foráil leis go bhféadfadh na Treoracha sin leanúint d'fheidhm a bheith acu in ionad airteagail chomhfhreagracha an Rialacháin sin go ceann tréimhse trí bliana tar éis dháta a chur i bhfeidhm nó dáta roimhe sin a bheidh le cinneadh le gníomh tarmligthe. I gcomhréir leis an bhforáil sin, foráiltear le hAirteagal 112 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 go scoirfidh Treoracha 92/66/CEE, 2001/89/CE, 2003/85/CE agus 2005/94/CE d'fheidhm a bheith acu ón 21 Aibreán 2021, ós rud é go leagtar síos leis an Rialachán Tarmligthe sin rialacha a chomhfhreagraíonn do na rialacha a leagadh síos sna Treoracha sin roimhe.

(7) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 leagtar síos rialacha freisin maidir le bearta rialaithe galar le haghaidh gach galar de chatagóir A, fiabhras Afracach na muc san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 112 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a leasú trí Threoir 2002/60/CE, ina leagtar síos na forálacha sonracha maidir le fiabhras Afracach na muc a rialú, a chur leis an liosta Treoracha nach mbeidh feidhm acu a thuilleadh ón 14 Iúil 2021.

(8) Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún ([10]) leagtar síos rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair le haghaidh galair liostaithe áirithe, lena n-áirítear ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga. Beidh feidhm ag na rialacha sin ón 21 Aibreán 2021. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 112 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a leasú trí Threoir 2000/75/CE, lena leagtar síos forálacha sonracha maidir leis an ngalar gormtheanga a rialú agus a dhíothú, a chur leis an liosta Treoracha a scoirfidh d'fheidhm a bheith acu ón 14 Iúil 2021 d'fhonn dúbláil agus neamhréireacht na rialacha atá i bhfeidhm maidir le faireachas, díothú agus stádas saor ó ghalair an ghalair ghormtheanga san Aontas a sheachaint.

(9) Le hAirteagal 27 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 leagtar síos na toirmisc atá le cur chun feidhme ag an údarás inniúil sna criosanna cosanta agus sna criosanna faireachais i gcás ráig de ghalair i gcatagóir A chun leathadh an ghalair a rialú. Tá na toirmisc sin liostaithe in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin. Mar sin féin, an toirmeasc atá ar ghluaiseachtaí coinsíneachtaí seachtháirgí ainmhithe ó chriosanna cosanta agus faireachais, níl sé comhiomlán, ós rud é nach ndéantar tagairt ann ach do sheachtháirgí áirithe ainmhithe. D'fhéadfadh riosca a bheith ag baint leis sin ó thaobh leathadh galar de le linn chur chun feidhme na mbeart rialaithe galar dá bhforáiltear sa Rialachán Tarmligthe sin. Ba cheart a shoiléiriú in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 go bhfuil toirmeasc ar ghluaiseachtaí uile coinsíneachtaí seachtháirgí ainmhithe ó chriosanna cosanta agus faireachais.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 a leasú dá réir.

([4]) Treoir 92/66/CEE ón gComhairle an 14 Iúil 1992 lena dtugtar isteach bearta Comhphobail maidir le rialú ghalar Newcastle (IO L 260, 5.9.1992, lch. 1).

([5]) Treoir 2000/75/CE ón gComhairle an 20 Samhain 2000 lena leagtar síos forálacha sonracha maidir leis an ngalar gormtheanga a rialú agus a dhíothú (IO L 327, 22.12.2000, lch. 74).

([6]) Treoir 2001/89/CE ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2001 maidir le bearta Comhphobail maidir le rialú fhiabhras clasaiceach na muc (IO L 316, 1.12.2001, lch. 5).

([7]) Treoir 2002/60/CE ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena leagtar síos forálacha sonracha chun fiabhras Afracach na muc a rialú agus lena leasaítear Treoir 92/119/CEE maidir le galar Teschen agus fiabhras Afracach na muc (IO L 192, 20.7.2002, lch. 27).

([8]) Treoir 2003/85/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 maidir le bearta Comhphobail chun galar crúb agus béil a rialú lena n-aisghairtear Treoir 85/511/CEE agus Cinneadh 89/531/CEE agus Cinneadh 91/665/CEE agus lena n-aisghairtear Treoir 92/46/CEE (IO L 306, 22.11.2003, lch. 1).

([9]) Treoir 2005/94/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 2005 maidir le bearta Comhphobail maidir le rialú an fhliú éanúil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/40/CEE (IO L 10, 14.1.2006, lch. 16).

([10]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

(11) Beidh feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón 21 Aibreán 2021. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 mar a leanas:

1. in Airteagal 21(3), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

"3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh, tar éis dó measúnú riosca a dhéanamh ina gcuirfear próifíl an ghalair san áireamh, gan crios srianta a bhunú i gcás ina dtarlóidh ráig de ghalar i gcatagóir A sna suíomhanna seo a leanas:"

2. in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Seachtháirgí ainmhithe ó ainmhithe de speicis liostaithe, ar de thionscnamh an chreasa shrianta iad agus a aistrítear lasmuigh den chrios srianta sin, ní mór deimhniú sláinte ainmhithe arna eisiúint ag tréidlia oifigiúil a bheith ag gabháil leo, deimhniú ina gcuirtear in iúl go gceadaítear iad a aistriú ón gcrios srianta faoi na coinníollacha atá leagtha síos ag an údarás inniúil i gcomhréir leis an gCaibidil seo."

3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 112:

"Airteagal 112

Aisghairmeacha

1. Scoirfidh Treoracha 92/66/CEE, 2001/89/CE, 2003/85/CE agus 2005/94/CE agus na gníomhartha a glacadh ar bhonn na dTreoracha sin, d'fheidhm a bheith acu le héifeacht ón 21 Aibreán 2021.

2. Scoirfidh Treoracha 2000/75/CE agus 2002/60/CE agus na gníomhartha a glacadh ar bhonn na dTreoracha sin, d'fheidhm a bheith acu le héifeacht ón 14 Iúil 2021."

4. Leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

TOIRMISC AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAIDIR LE hAINMHITHE AGUS LE TÁIRGÍ A BHAINEANN LE GALAIR DE CHATAGÓIR A[1]	**FMD**	**RP**	**RVFV**	**LSD**	**CBPP**	**SPGP**	**PPR**	**CCPP**	**CSF**	**ASF**	**AHS**	**GLAND**	**HPAI**	**NCD**
Gluaiseachtaí ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe ó bhunaíochtaí sa chrios srianta	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	Neamhbhainteach	X	X
Gluaiseachtaí ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe chuig bunaíochtaí sa chrios srianta	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	Neamhbhainteach	X	X
Athstocáil ainmhithe géime de speicis liostaithe	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	Neamhbhainteach	X	X
Aonaigh, margaí, seónna agus cruinnithe eile ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe lena n-áirítear bailiú agus scaipeadh na speiceas sin	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	Neamhbhainteach	X	X
Gluaiseachtaí de sheamhan, d'úicítí, agus de shuthanna a fhaightear ó ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe ó bhunaíochtaí sa chrios srianta	X	X	X	X[2]	X	X	X	X	X	X	X	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
Bailiú seamhain, úicítí agus suthanna ó ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	NP	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
Inseamhnú saorga ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe, faoi stiúir an oifigigh thaistil	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
Seirbhísiú nádúrtha ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe, faoi stiúir an oifigigh thaistil	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
Gluaiseachtaí uibheacha goir ó bhunaíochtaí sa chrios srianta	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	X	X
Gluaiseachtaí feola úire cé is moite de scairteach ó ainmhithe ar coimeád agus ó ainmhithe fiáine de speicis liostaithe ó sheamlais nó ó bhunaíochtaí bunaíocht láimhseála géime sa chrios srianta	X	X	X	NP	NP	X	X	NP	X	X	NP	Neamhbhainteach	X	X
TOIRMISC AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAIDIR LE hAINMHITHE AGUS LE TÁIRGÍ A BHAINEANN LE GALAIR DE CHATAGÓIR A[1] (ar lean)	**FMD**	**RP**	**RVFV**	**LSD**	**CBPP**	**SPGP**	**PPR**	**CCPP**	**CSF**	**ASF**	**AHS**	**GLAND**	**HPAI**	**NCD**
Gluaiseachtaí scairteach ó ainmhithe ar coimeád agus ó ainmhithe fiáine de speicis liostaithe ó sheamlais nó ó bhunaíochtaí láimhseála géime sa chrios srianta	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	NP	Neamhbhainteach	X	X

Gluaiseachtaí táirgí ainmhithe a fhaightear ó speicis liostaithe ó bhunaíochtaí sa chrios srianta		X	X	X	NP	NP	NP	X	NP	X	X	NP	Neamhbhainteach	X	X
Gluaiseachtaí de bhainne amh agus de ghruth buí a fhaightear ó ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe ó bhunaíochtaí sa chrios srianta		X	X	X	X	NP	X	X	NP	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	NP	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
Gluaiseachtaí de tháirgí déiríochta agus táirgí bunaithe ar ghruth buí ó bhunaíochtaí sa chrios srianta		X	X	X	X	NP	X	X	NP	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	NP	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach
Gluaiseachtaí uibheacha lena gcaitheamh ag an duine ó bhunaíochtaí sa chrios srianta		Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	Neamhbhainteach	X	X
Gluaiseachtaí seachtháirgí ainmhithe ó ainmhithe ar coimeád de speicis liostaithe ó bhunaíochtaí sa chrios srianta, cé is moite de chabhlacha iomlána nó codanna d'ainmhithe marbha	Aoileach, lena n-áirítear easair úsáidte	X	X	X	X	NP	X	X	NP	X	X	NP	Neamhbhainteach	X	X
	Seithí, craicne, olann, guairí, agus cleití	X	X	X	X	NP	X	X	NP	X	X	NP	Neamhbhainteach	X	X
	Seachtháirgí ainmhithe seachas aoileach, lena n-áirítear easair úsáidte, agus cé is moite de sheithí, craicne, olann, cleití agus cleití	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	X	Neamhbhainteach	X	X
TOIRMISC AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAIDIR LE hAINMHITHE AGUS LE TÁIRGÍ (ar lean) A BHAINEANN LE GALAIR DE CHATAGÓIR A[1]		**FMD**	**RP**	**RVFV**	**LSD**	**CBPP**	**SPGP**	**PPR**	**CCPP**	**CSF**	**ASF**	**AHS**	**GLAND**	**HPAI**	**NCD**
Gluaiseachtaí ábhair bheatha de bhunús plandaí agus tuí a fhaightear sa chrios cosanta		X	X	NP	NP	NP	NP	NP	NP	NP	NP	NP	Neamhbhainteach	NP	NP

NÓTAÍ

[1] Giorrúcháin le haghaidh galair de Chatagóir A i gcomhréir le hIarscríbhinn II

[2] Úicítí agus suthanna amháin

NA = Neamhbhainteach

X = toirmeasc

NP = ceadaithe